Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**11726/2/20**
**REV 2**

**EMPL 439**
**SOC 609**
**SAN 356**
**EDUC 358**
**ECOFIN 899**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11079/1/20 REV 1 |
| Ábhar: | Dálaí oibre agus maireachtála oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile a fheabhsú<br>Conclúidí ón gComhairle (9 Deireadh Fómhair 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre agus maireachtála oibrithe séasúracha agus oibrithe soghluaiste eile, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad tríd an nós imeachta i scríbhinn a dúnadh ar an 9 Deireadh Fómhair 2020.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Dálaí oibre agus maireachtála oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile a fheabhsú**

**Conclúidí ón gComhairle**

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

1. Oibrithe séasúracha agus roinnt oibrithe taistil eile, lena n-áirítear oibrithe ar postú, a oibríonn go minic i mBallstát amháin nó níos mó ar feadh tréimhse teoranta ama gan cur fúthu ansin (dá ngairtear 'oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile'), is minic gur leochailí iad ná oibrithe eile agus go mbíonn siad neamhchosanta ar dhúshaothrú agus ar dhrochdhálaí maireachtála neamhbhuana (lena n-áirítear maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde chomh maith le tithíocht), ar sháruithe ar dhlí an tsaothair agus ar neamh-chomhlíonadh caighdeán ag an obair, agus is dóchúla iad a bheith neamhchosanta ar chumhdach slándála sóisialta neamh-leordhóthanach.

2. Is bunchlocha de chuid an Aontais Eorpaigh iad saorghluaiseacht oibrithe agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, mar aon le cóir chomhionann. Déanann oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile rannchuidiú tábhachtach leis an margadh inmheánach, agus lean siad ag déanamh amhlaidh le linn phaindéim COVID-19, rud a léiríonn an athuair a ról ríthábhachtach in earnálacha éagsúla de gheilleagar an Aontais.

3. Is minic a fhostaítear oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile faoi chonarthaí oibre sealadacha, trí ghníomhaireachtaí oibre sealadaí agus earcaíochta nó slabhraí fochonraitheoireachta. Go háirithe nuair nach bhfostaíonn an fostóir go díreach iad, is minic nach dtugtar dóibh soiléire agus cosaint leordhóthanach maidir le faisnéis, dliteanas agus cearta.

4. Is bagairt thromchúiseach í paindéim COVID-19 don tsláinte phoiblí, le hiarmhairtí tromchúiseacha forleathana i ndáil le córais sláinte agus chúraim, agus le sochaí agus le geilleagair agus margaí saothair na mBallstát uile. Mar sin féin, bhí éifeacht shonrach nach beag ar oibrithe séasúracha agus ar oibrithe taistil eile mar thoradh ar na bearta a rinne na Ballstáit, nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, i gcomhthéacs na freagartha ar COVID-19.

5. Is measa agus is feiceálaí iad roinnt de na saincheisteanna atá ann d’oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile mar thoradh ar chomhthéacs phaindéim COVID-19. Dá réir sin, nuair a bhíonn drochdhálaí oibre agus maireachtála ann d’oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile, is measa an riosca go scaipfí galair thógálacha a thuilleadh, lena n-áirítear an riosca go mbeadh braislí COVID-19 ann.

6. Léiríonn COVID-19 nach mór gníomhartha nua a mheabhrú chun na rialacha atá ann cheana a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr chun oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile a chosaint agus chun athléimneacht an Aontais a neartú in aimsir na géarchéime. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh na Ballstáit úsáid a bhaint as na huirlisí atá ann cheana – ar an leibhéal idirnáisiúnta agus náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais – chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhíonn ann d’oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile.

7. Ní mór do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú cuí agus éifeachtach reachtaíochta ábhartha náisiúnta agus de chuid an Aontais a threisiú, agus trédhearcacht a áirithiú maidir lena ngníomhaíocht.

Á MHEABHRÚ DI:

8. Oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile san Aontais a fheidhmíonn a saoirse gluaiseachta i gcomhréir le hAirteagal 45 CFAE, tá ceart acu chun cóir chomhionann a fháil, go háirithe i dtaca leis an bhfostaíocht, luach saothair agus na dálaí oibre is infheidhme. Ráthaítear an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar faoi Airteagal 56 CFAE.

9. Is féidir le hoibrithe tríú tír leas a bhaint as an gceart chun cóir chomhionann a fháil faoi reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir leis an imirce.

10. Is inniúlacht de chuid na mBallstát é forfheidhmiú an dlí náisiúnta agus dhlí an Aontais sa réimse seo.

AGUS AN MÉID A LEANAS MAR DHÍOL SÁSAIMH DI:

11. Na Treoirlínte maidir le hOibrithe Séasúracha san Aontas Eorpach i gcomhthéacs ráig COVID-19 a ghlac an Coimisiún Eorpach an 16 Iúil 2020.

12. An Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Meitheamh 2020 maidir le cosaint Eorpach d'oibrithe trasteorann agus séasúracha i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19.

13. Tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta agus comhaontuithe déthaobhacha idir údaráis na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá ann d'oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile, go háirithe i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19.

14. Tionscnaimh earnála chomh maith le comhaontuithe dépháirteacha agus trípháirteacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach chun na hoibrithe sin a chosaint agus chun treoir a thabhairt dóibh agus dá bhfostóirí.

Á dTABHAIRT DÁ hAIRE DI:

15. An obair a dhéanann Líonra EURES, lena n-áirítear Oifig Eorpach Comhordúcháin EURES agus oifigí náisiúnta comhordúcháin EURES. Tá faisnéis mhionsonraithe phraiticiúil, dhlíthiúil agus riaracháin ar fáil ar thairseach EURES maidir le dálaí maireachtála agus oibre i ngach Ballstát a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile.

16. Gníomhaíochtaí an Ardáin Eorpaigh chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, a cruthaíodh in 2016. Roinnt uaireanta chuir an tArdán gníomhaíochtaí atá dírithe ar oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile chun cinn agus tá foghlaim fhrithpháirteach ceadaithe aige maidir le bealaí cur chuige éifeachtacha chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe in earnálacha a bhraitheann go mór ar obair shéasúrach thrasteorann, amhail earnáil na talmhaíochta agus earnáil na turasóireachta.

17. An obair a dhéanann an Coimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, atá freagrach as déileáil le hábhair riaracháin agus ceisteanna léiriúcháin a eascraíonn as forálacha na rialachán maidir le comhordú slándála sóisialta, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach reachtaíocht an Aontais a éascú, go háirithe trí mhalartú taithí agus dea-chleachtais a chur chun cinn, agus comhar idir Ballstáit an Aontais a chothú agus a fhorbairt, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna a bhaineann le hoibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile.

18. Ról an Údaráis Eorpaigh Saothair. Ach a mbeidh sé i bhfeidhm go hiomlán, cabhróidh an tÚdarás Eorpach Saothair – i gcomhar le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile, i gcás inarb infheidhme – leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit chun dlí an Aontais a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach, agus chun córais slándála sóisialta a chomhordú laistigh den Aontas. Gníomhóidh an tÚdarás Eorpach Saothair laistigh de raon feidhme dhlí ábhartha an Aontais.

19. Le Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020, ina sainaithnítear na príomhdhúshláin agus na cuspóirí straitéiseacha don tsláinte agus don tsábháilteacht ag an obair, tugtar príomhghníomhaíochtaí agus sainaithnítear ionstraimí an Aontais.

20. Obair na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) chun ionaid oibre Eorpacha a dhéanamh níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos táirgiúla ar mhaithe le hoibrithe, fostóirí agus rialtais, go háirithe a treoirlínte ón 24 Aibreán 2020 dar teideal *COVID-19: back to the workplace – adapting workplaces and protecting workers* [COVID-19: ar ais chuig an ionad oibre – ionaid oibre a chur in oiriúint agus cosaint a thabhairt do na hoibrithe] agus na hacmhainní sonracha eile uaithi d'fhostóirí agus d'oibrithe maidir le COVID-19.

21. Obair Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair (SLIC) chun cur i bhfeidhm coibhéiseach agus éifeachtach reachtaíocht an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chur chun cinn.

22. Treoirlínte agus acmhainní comhchosúla arna n-ullmhú ag na geallsealbhóirí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal earnála, lena dtugtar aghaidh ar oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile, agus ar a bhfostóirí.

AG AITHINT DI:

23. Ról bunúsach na gcigireachtaí saothair agus na n-údarás inniúil eile maidir lena áirithiú go ndéanfar an reachtaíocht agus na hionstraimí atá ann cheana a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go cuí i réimse na saoirse gluaiseachta d'oibrithe agus i réimse na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, i réimse na ndálaí oibre agus maireachtála, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ceirde, agus i réimse chomhordú na slándála sóisialta.

24. Ról bunúsach na gcomhpháirtithe sóisialta agus tábhacht an idirphlé shóisialta maidir le tacaíocht a thabhairt do riaracháin, d’oibrithe agus d’fhostóirí maidir le cur i bhfeidhm cuí agus éifeachtach na reachtaíochta atá ann cheana, agus maidir le hionadaíocht oibrithe agus soláthar faisnéise a áirithiú.

25. An ról tábhachtach atá ag eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha maidir le tacú le cur i bhfeidhm cuí agus éifeachtach na n-ionstraimí atá ann cheana,

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG IARRAIDH AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LENA nINNIÚLACHTAÍ AGUS IMTHOSCA NÁISIÚNTA Á gCUR SAN ÁIREAMH ACU, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL AGUS D’UATHRIAIL NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

26. reachtaíocht an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana féin A CHUR I bhFEIDHM agus A FHORFHEIDHMIÚ go hiomlán, go háirithe i réimsí na saorghluaiseachta oibrithe agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, náisiúnaigh tríú tír a fhostú mar oibrithe séasúracha, dálaí oibre agus maireachtála, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ceirde, agus comhordú na slándála sóisialta, chun oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile a chosaint go leordhóthanach;

27. Faisnéis ábhartha A SHOLÁTHAR d’oibrithe séasúracha agus d'oibrithe taistil eile, le tacaíocht ón Údarás Eorpach Saothair más gá, maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí chomh maith le faisnéis faoi na húdaráis a thugann cúnamh d’oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile sa Bhallstát faoi seach i ngach ceann de na réimsí thuasluaite, ina dteanga féin, go háirithe más teanga oifigiúil de chuid an Aontais í, nó más teanga í a thuigeann siad nó ar féidir glacadh leis le réasún go dtuigfidh siad í, agus an fhaisnéis sin á cur in iúl ar bhealach soiléir trédhearcach;

28. Feasacht A MHÚSCAILT i measc oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile maidir le bearta sábháilteachta i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, le tacaíocht ó na comhpháirtithe sóisialta más féidir, ina dteanga féin, go háirithe más teanga oifigiúil de chuid an Aontais í, nó i dteanga a thuigeann siad nó ar féidir glacadh leis le réasún go dtuigfidh siad í, agus an fhaisnéis sin á cur in iúl ar bhealach soiléir trédhearcach, lena n-áirítear faisnéis faoi bhearta a bheidh le déanamh i gcás airíonna COVID-19;

29. MÉADÚ a dhéanamh ar thrédhearcacht maidir le dliteanas i gcás slabhraí fochonraitheoireachta, ionas go mbeidh oibrithe taistil agus údaráis náisiúnta in ann an duine nó an t-eintiteas atá freagrach go dlíthiúil as déileáil lena n-éilimh a shainaithint; MACHNAMH a dhéanamh ar theorainneacha a thabhairt isteach ar shlabhraí fochonraitheoireachta agus ar dhliteanais chomhpháirteacha agus leithleacha, i gcás inar gá;

30. An fhéidearthacht ceanglais shonracha a leagan síos maidir le gníomhaireachtaí oibre sealadaí agus earcaíochta atá dírithe ar oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile san Aontas A FHIOSRÚ, d'fhonn a áirithiú go n-urramóidh na gníomhaireachtaí sin íoschaighdeáin cháilíochta de réir reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, comhaontuithe comhchoiteanna, agus nach bhforchuireann siad táillí iomarcacha nó neamhdhleathacha ar oibrithe. Ba cheart do na gníomhaireachtaí sin oibrithe a chur ar an eolas, i scríbhinn, lena n-áirítear trí na meáin leictreonacha, maidir leis an ngnóthas úsáideora, tréimhse fostaíochta, prionsabail luacha saothair – lena n-áirítear an ríomh iomlán chomh maith le hasbhaintí uathoibríocha a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail cíos nó costais i leith cóiríochta nó trealaimh chosanta is gá – dálaí oibre, lena n-áirítear cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe i gcás ina bhfoirceanntar obair, seirbhísí sonracha comhairliúcháin a chuireann comhpháirtithe sóisialta nó seirbhísí poiblí fostaíochta ar fáil, rialacháin agus cearta slándála sóisialta, lena n-áirítear cumhdach sláinte, taisteal agus cóiríocht, agus socruithe lónadóireachta. Ba cheart an fhaisnéis a sholáthar i dteanga na n-oibrithe féin nó i dteanga a thuigeann siad agus ar bhealach soiléir agus trédhearcach, roimh imeacht dóibh, gan beann ar fhad a gconartha;

31. staid shonrach na n-oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile A MHEAS agus aghaidh a thabhairt uirthi i ndáil le bearta a bhaineann leis an bpaindéim, amhail dianghlasáil nó dúnadh teorainneacha, lena n-áirítear an deis dóibh filleadh ar a mbaile agus ar a mBallstát óstach araon gan teorainneacha míchuí ar ghluaiseacht, chun gur féidir leo dul i mbun a bhfostaíochta nó leanúint di;

32. SCRÚDÚ A DHÉANAMH ar cé acu a bhraitheann nó nach mbraitheann oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile níos mó ar a bhfostóirí ná oibrithe eile; MACHNAMH A DHÉANAMH conas a d'fhéadfaí dul i ngleic leis na spleáchais sin; agus MACHNAMH A DHÉANAMH gur féidir le hoibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile, agus iad ag fanacht sa Bhallstát óstach, tairbhe a bhaint as cóiríocht, iompar agus lónadóireacht a chomhfhreagraíonn do chaighdeán leordhóthanach maireachtála (mar a shainítear sa dlí náisiúnta agus sa chleachtas náisiúnta), lena gcomhlíontar na caighdeáin ghinearálta sláinte agus sábháilteachta – le linn géarchéimeanna freisin – atá i bhfeidhm sa Bhallstát lena mbaineann agus ag costais nach bhfuil iomarcach le hais cháilíocht na seirbhíse agus ghlanluach saothair na n-oibrithe;

33. DLÚS A CHUR le comhar agus malartú dea-chleachtais idir riaracháin, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, trí na comhlachtaí chun an chóir chomhionann a chur chun cinn, agus CUIDIÚ le hoibrithe de chuid an Aontais agus lena mbaill teaghlaigh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais is infheidhme (e.g. Treoir 2014/54/AE) chomh maith le hoibrithe tríú tír a thairbhíonn den cheart chun cóir chomhionann a fháil faoi na treoracha lena mbaineann (e.g. Treoir 2011/98/AE maidir le Cead Aonair nó Treoir 2014/36/AE maidir le hOibrithe Séasúracha);

34. A MHEAS an leor na cigireachtaí atá ar bun faoi láthair chun reachtaíocht an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana a fhorfheidhmiú agus spriocanna chun dlús a chur le cigireachtaí A LEAGAN SÍOS, i gcás inar gá;

35. MACHNAMH A DHÉANAMH, i gcás inarb infheidhme, ar a reachtaíocht slándála sóisialta maidir le cumhdach leordhóthanach ar obair shéasúrach;

36. Rochtain ar dheiseanna uas-scilithe agus oiliúna A SHOLÁTHAR, i gcás inarb iomchuí;

37. A MHEAS an bhfuil sé tráthúil Coinbhinsiún Uimh. 184 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le sábháilteacht agus sláinte sa talmhaíocht a dhaingniú;

38. COMHOIBRIÚ leis na comhpháirtithe sóisialta chun tacaíocht d'fhostóirí agus d'oibrithe séasúracha agus d'oibrithe taistil eile a áirithiú, mar aon le hionadaíocht dóibh;

39. I gcás inarb infheidhme, tabhairt i gcrích comhaontuithe comhchoiteanna A CHUR CHUN CINN maidir le hoibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile; agus

40. TACÚ, i gcás inarb infheidhme, le seirbhísí comhairleoireachta arna gcur ar fáil ag ceardchumainn nó geallsealbhóirí eile le haghaidh oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile chun saorghluaiseacht oibrithe a chur chun cinn go gníomhach maille leis an tsaoirse seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach sóisialta cothrom. A FHIOSRÚ an bhféadfaí na seirbhísí sin a chur ar fáil ar an láthair;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN GCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LENA nINNIÚLACHTAÍ AR LEITH, AGUS IMTHOSCA NÁISIÚNTA Á gCUR SAN ÁIREAMH, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

41. COMHOIBRIÚ go comhpháirteach leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, go háirithe na páirtithe sóisialta, trí na creataí atá ar fáil (e.g. coistí, gníomhaireachtaí, gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí) chun reachtaíocht an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana a fhorfheidhmiú;

42. A FHIOSRÚ an bhféadfaí feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le hoibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile in earnálacha ábhartha, agus é sin i sineirge leis na gníomhaithe ábhartha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon;

43. gníomhaíochtaí comhpháirteacha cumarsáide agus múscailte feasachta a d’fhéadfadh a bheith ann A FHIOSRÚ, darb aidhm, go háirithe, feabhas a chur ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil d’oibrithe agus d’fhostóirí agus a bhfeasacht maidir lena gcearta agus a n-oibleagáidí a mhéadú, go háirithe a mhéid a bhaineann le dálaí oibre agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair i gcomhar le gníomhaithe ábhartha náisiúnta agus de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. Thairis sin, MACHNAMH A DHÉANAMH an bhféadfaí feachtas cumarsáide a bhunú chun éifeacht dhearfach agus ról bunriachtanach na n-oibrithe séasúracha agus na n-oibrithe taistil san Aontas i dtaca le feidhmiú an mhargaidh aonair a léiriú;

44. MACHNAMH A DHÉANAMH AR dhlús a chur leis an gcomhar idir an Coimisiún Eorpach agus comhlachtaí náisiúnta chun an chóir chomhionann a chur chun cinn agus tacú le hoibrithe de chuid an Aontais agus lena mbaill teaghlaigh faoi Threoir 2014/54/AE, mar shampla trí ghníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí agus malartú dea-chleachtais;

45. OIBRIÚ LE CHÉILE chun pá faoi bhun an chaighdeáin, cleachtais eile dhúshaothraithe agus gáinneáil ar oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile a chosc, lena n-áirítear comhar riaracháin a neartú agus feasacht ar na rioscaí agus cleachtais neamhdhleathacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mhúscailt; agus

46. Maidir le náisiúnaithe tríú tír, i gcás inarb iomchuí, a rannpháirtíocht i gcomhpháirtíochtaí agus i gcomhaontuithe ábhartha eile le tríú tíortha A CHUR CHUN CINN a mhéid a bhaineann le forálacha a léiríonn cleachtais earcaíochta éagóracha, lena n-áirítear táillí earcaíochta éagóracha arna bhforchur ar oibrithe ag gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha agus/nó ag gníomhaireachtaí imirce ina dtíortha baile;

IARRANN SÍ AR AN GCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

47. COMHOIBRIÚ leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha eile maidir le saincheisteanna a bhaineann le hoibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile trí na huirlisí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais;

48. COMHOIBRIÚ leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ar shaincheisteanna a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile.

49. A MHEAS an féidir cistiú ón Aontas i gcomhair seirbhísí speisialaithe comhairleoireachta arna gcur ar fáil ag ceardchumainn nó geallsealbhóirí eile le haghaidh oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile a chur ar fáil, laistigh de na cláir atá ann cheana, chun saorghluaiseacht oibrithe a chur chun cinn go gníomhach ar bhealach sóisialta cothrom;

50. MACHNAMH A DHÉANAMH ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ceirde oibrithe, lena n-áirítear oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile, i gcomhthéacs Chreat Straitéiseach AE atá ar na bacáin maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair;

51. MEASÚNÚ A DHÉANAMH ar na réimsí inar cheart cosaint na n-oibrithe séasúracha a fheabhsú agus moltaí beartais a dhéanamh; agus

52. staidéar A DHÉANAMH chun sonraí a bhailiú maidir le hobair shéasúrach laistigh den Aontas agus na príomhdhúshláin a shainaithint, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, le linn phaindéim COVID-19, agus a áirithiú go n-imdhealófar sonraí daoine aonair de réir inscne chun measúnú anailíse ar na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme a éascú;

IARRANN SÍ AR AN ÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR LEANÚINT DEN MHÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

53. TACÚ leis na Ballstáit, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí i réimse na faisnéise agus um chomhordú cigireachtaí saothair comhpháirteacha agus comhbheartaithe. D'fhéadfaí a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin soláthar faisnéise ag na húdaráis inniúla d'oibrithe agus d'fhostóirí, mar aon le feachtais múscailte feasachta agus cigireachtaí saothair comhpháirteacha nó comhbheartaithe lena ndírítear, go háirithe, ar na hearnálacha is mó a bhfuil obair shéasúrach mar chuid díobh;

54. COMHOIBRIÚ leis an Ardán Eorpach chun feabhas a chur ar an gcomhar chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe (go dtí go ndéanfar í a lánpháirtiú go hiomlán leis an Údarás Eorpach Saothair in 2021) i ndáil le gníomhaíochtaí lena ndírítear ar oibrithe séasúracha agus ar oibrithe taistil eile, lena n-áirítear feasacht níos fearr ar chearta agus oibleagáidí i measc oibrithe agus fostóirí a chothú chun an t-aistriú ó obair neamhdhearbhaithe go hobair dhearbhaithe a chur chun cinn;

55. OIBRIÚ le piaraí Seirbhísí Fostaíochta Eorpacha (EURES) sna Ballstáit (go dtí go ndéanfar líonra EURES a chomhtháthú go hiomlán leis an Údarás Eorpach Saothair in 2021) chun gníomhaíochtaí agus ábhair shonracha a bhaineann le hoibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile a fhorbairt; IARRAIDH ar Oifig Eorpach Comhordúcháin EURES faisnéis níos spriocdhírithe a chur ar fáil maidir le hoibrithe séasúracha agus na cearta is infheidhme maidir leo ar Thairseach EURES; agus

56. Faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2019/1149, comhoibriú leis an gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta darb aidhm sineirgí a bhaint amach idir soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na gcóras slándála sóisialta;

IARRANN SÍ AR AN NGNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT AGUS SLÁINTE AG AN OBAIR (EU-OSHA) LEANÚINT DEN MHÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

57. OIBRIÚ le Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun leanúint de threoirlínte agus ábhar a sholáthar, lena n-áirítear suirbhéanna, uirlisí agus feachtais measúnaithe riosca ceirde, lena dtugtar aghaidh ar shláinte agus sábháilteacht oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile ag an obair.